Foras na Gaeilge

# Plean Gníomhaíochta Aeráide

## Treochlár um Ghníomhú ar Son na hAeráide

## Leagan 2: Deireadh Fómhair 2025

# Clár


1. Réamhrá ........ 3
2. Ár nDaoine – Ceannaireacht agus Rialachas ........ 8
3. Ár nDaoine - Plé lenár mbaill foirne ........ 11
4. Ár Spriocanna ........ 12
5. Ár mBealach Oibre ........ 16
6. Ár bhfoirgnimh agus feithiclí ........ 18

# 1. Réamhrá

## 1.1 Comhthéacs eagraíochtúil

Is é Foras na Gaeilge an ghníomhaireacht Ghaeilge agus is é Gníomhaireacht na hUltaise an ghníomhaireacht Ultaise a chomhdhéanann le chéile An Foras Teanga. Tá an Foras Teanga ar cheann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoin Acht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999 agus *The North/South (Co-operation) (Northern Ireland) Order* 1999. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla atá sannta d'Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus i scríbhinn, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart, agus i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadal tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí, de réir mar a mheastar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT) agus go háirithe don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta (RFTPG) i bPoblacht na hÉireann agus don Roinn Pobal (RP) i dTuaisceart Éireann.

Tá 5 oifig ag Foras na Gaeilge ar fud an Stáit:

- Sráid Amiens, Baile Átha Cliath (ceannáras)
- Sráid an Chleandair, Béal Feirste
- Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall
- Ráth Chairn, Co. na Mí
- Dún Seachlainn, Co. na Mí[1]

Is é 60.1 ball foirne an FTE a bhí ag an eagraíocht in 2024. Ní le Foras na Gaeilge aon cheann de na foirgnimh a bhfuil sé lonnaithe iontu, rud a imríonn tionchar ar bhearta an phlean gníomhaíochta seo.

[1] Cé nach bhfuil oifig Bhéal Feirste faoi réir pholasaí Rialtas na hÉireann, is plean eagraíochta é seo agus cuirfear i bhfeidhm an oiread agus is féidir de na bearta inár gcuid oibre ó thuaidh chomh maith.

## 1.2 Cúlra agus cur chuige

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide 2025 roinnt cuspóirí uaillmhianacha, lena n-áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030 agus an sprioc feabhais dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a ardú ón aidhm 33% faoi 2020, a bhí ann roimhe seo, go dtí 50% faoi 2030.

Leagtar amach sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo maidir le tionscadail a tosaíodh cheana agus iarrachtaí atá ar bun ag Foras na Gaeilge chun spriocanna an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a bhaint amach. Dírítear chomh maith ar thionscadail amach anseo atá á bpleanáil ag Foras na Gaeilge chun na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021 de chuid Rialtas na hÉireann a bhaint amach.

Tá na téamaí a leagtar amach sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide á dtreorú ag cáipéis treorach Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) i leith an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide ar foilsíodh leagan uasdátaithe de in 2024 (*Public Sector Bodies Climate Action Roadmaps Guidance 2025*).

Is iad sin:

- Ár nDaoine – Ceannaireacht agus Rialachas;
- Ár nDaoine - Plé lenár mbaill foirne;
- Ár Spriocanna;
- Ár mBealach Oibre;
- Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí.

## 1.3 An Ghaeilge agus an t-athrú aeráide

Aithníonn Foras na Gaeilge mar eagraíocht go bhfuil nasc idir cur chun cinn na feasachta faoin timpeallacht agus cur chun cinn na Gaeilge féin mar acmhainn luachmhar chultúrtha atá leochaileach agus faoi bhagairt. Luaitear an nasc seo go sonrach inár gclár Colmcille, a chothaíonn caidreamh níos dlúithe idir na teangacha Gaelacha in Éirinn, Albain agus Oileán Mhanann. I Straitéis Colmcille, léirítear an dearcadh go bhfuil dlúthcheangal idir teanga, cultúr, oidhreacht agus an dúlra. Tá na tagairtí seo a leanas ábhartha:

> '...feasacht a thógáil faoin chomhshaol nádúrtha, fhisiciúil agus chultúrtha ina maireann siad, agus sláinte agus folláine na dteangacha Gaelacha a chothú taobh istigh den chomhshaol sin' (lch 5).
>
> 'Tá na mionteangacha dúchasacha fréamhaithe ... san oidhreacht nádúrtha. In Albain agus in Éirinn, is minic na pobail teanga sin lonnaithe i gceantair a bhfuil aitheantas ar leith nó cosaint acu de bharr a n-oidhreachta nádúrtha. Tá saibhreas acu le caomhnú agus le roinnt lena bpobail féin agus le pobail níos leithne. Tá sé le céill go mbeidh dúlra áirithe mar pháirt den chomhoibriú ar phobal agus oidhreacht' (lch 10).

I measc na dtorthaí inmhianaithe a bhfuiltear ag súil leo ó Straitéis Colmcille, tá:

> ‘Comhfhiontair a spreagadh agus comhpháirtíocht a éascú a chuireann le caidreamh agus le feasacht faoin dúlra agus faoin oidhreacht nádúrtha’…
>
> ‘Fiontair a chuireann le comhoibriú faoi infheiceálacht agus feasacht ar an dá Ghaeilge, agus a chuireann le hinmharthanacht an chomhshaoil agus na Gaeilge’ (lch 12).

Is í an Ghaeilge teanga oibre Fhoras na Gaeilge agus mar sin is i nGaeilge amháin a rinneadh an t-ullmhúchán ar fad don Treochlár seo agus is trí Ghaeilge amháin a oibríonn an Fhoireann Ghlas. Ní ann do leagan Gaeilge d’aon cheann de na cáipéisí eolais a chuireann ÚFIÉ ar fáil, áfach, ná níl aon seirbhís tacaíochta i nGaeilge ar fáil do chomhlachtaí poiblí atá i mbun na hoibre seo. Chruthaigh sé sin dúshláin mhóra bhreise dúinn le hullmhú an Treochláir seo agus b’éigean dúinn ár n-acmhainní teoranta inmheánacha féin a úsáid chun aistriúchán a sholáthar den phríomhcháipéis treorach nuair nach raibh ÚFIÉ sásta sin a dhéanamh. Is mar thoradh ar an easpa tacaíochta Gaeilge sin atá na graif a úsáidtear sa Treochlár seo i mBéarla amháin.

I bhfianaise ról reachtúil Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn, agus bunaithe ar ár seasamh go bhfuil nasc idir cur chun cinn na teanga agus gníomhú ar son na haeráide, is údar mór díomá dúinn an easpa tacaíochta seo ón Stát inár dteanga oibre, arb í an chéad teanga oifigiúil í.

### 1.4 Leaganacha roimhe seo den Treochlár


Ghlac Bord Fhoras na Gaeilge lenár gcéad Treochlár Aeráide 01 Samhain 2024. Ghlac Bord Fhoras na Gaeilge leis an athbhreithniú seo ar an Treochlár Aeráide 31 Deireadh Fómhair 2025, agus is é an leagan sin a fhoilseoimid go poiblí agus a scaipfimid go hinmheánach.

### 1.5 Dul chun cinn go dáta

Seo achoimre de na príomhbhearta ar son na haeráide a ghlac Foras na Gaeilge ó thús 2023. Déantar tuilleadh plé orthu níos faide anonn sa Treochlár seo:

- Iniúchadh neamhspleách seachtrach ar úsáid fuinnimh in oifigí uile na heagraíochta.
- Struchtúr rialachais maidir le gníomhú ar son na haeráide bunaithe; Foireann Ghlas i mbun oibre.
- Scaipeadh suirbhé foirne ar mhodhanna taistil chun na hoibre agus ar fheasacht na foirne faoin athrú aeráide.
- Polasaí um Sholáthar Poiblí Glas i bhfeidhm agus tuilleadh forbartha le déanamh ar fheasacht ina leith sin.
- Obair tosaithe ar iarratas ar an gComhartha um Thaisteal Níos Cliste.

- Nuachtlitir mhíosúil foirne seolta i mí Bealtaine chun feasacht na foirne a ardú i leith an athraithe aeráide.
- Míchruinneas stairiúil in aschuir fuinnimh na heagraíochta ceartaithe.
- Feabhas curtha ar chleachtais scagtha bruscair inár n-oifigí uile, agus iarrachtaí leanúnacha feasachta ina leith (mar shampla: póstaeir ó MyWaste.ie crochta i ngach oifig).
- Cleachtais forbartha chun úsáid fuinnimh na heagraíochta a laghdú (mar shampla aerchóiriú uathoibríoch casta as ar feadh cuid mhaith den lá oibre, soilse seachtracha múchta faoi sholas an lae).
- Cleachtas níos inbhuanaithe forbartha maidir le húsáid miasniteoirí inár n-oifigí is mó.
- Stop curtha le húsáid sceanra, gréithe agus cupáin aonúsáide inár n-oifigí uile.
- Feachtas feasachta chun cosc a chur ar chupáin aonúsáide in oifigí na heagraíochta.
- Cupáin agus buidéil in-athúsáidte bronnta ar an bhfoireann.
- Meabhrúcháin maidir le múchadh soilse crochta inár n-oifigí uile
- Cleachtas aontaithe go mbeidh ionadaíocht ó gach ceann de na hoifigí ar an bhFoireann Ghlas.




*Sampla de na póstaeir atá crochta ag an bhFoireann Ghlas sna hoifigí*

## 1.6 Dúshláin romhainn

Seo achoimre de na dúshláin is mó a chuireann isteach ar Fhoras na Gaeilge spriocanna an Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach:

- Tá easpa acmhainní eagraíochtúla ina dúshlán leanúnach dúinn mar thoradh ar an gcóras maoinithe Thuaidh/Theas. Níl bainisteoir eastát againn, rud a chruthaíonn deacrachtaí praiticiúla le feidhmiú na mbeart seo.

- Is tionónta é Foras na Gaeilge sna hoifigí a bhfuilimid ag obair iontu, rud a fhágann nach ceadmhach dúinn athruithe struchtúrtha a dhéanamh, ar nós insliú a dhéanamh ná painéil ghréine a fheistiú.
- Tá oifigí Fhoras na Gaeilge lonnaithe i gceantair thuaithe agus cathrach araon. Bíonn fáil theoranta ar sholáthróirí seirbhísí i gceantair thuaithe, rud a imríonn tionchar ar an méid is féidir linn a bhaint amach sna ceantair sin i roinnt réimsí.
- Tá dúshláin leanúnacha ann sa chumarsáid i nGaeilge le hÚFIÉ agus níl ábhar tacaíochta Gaeilge ar fáil uathu. Is féidir go gcuirfí i leith ÚFIÉ go bhfuil meon íostach ag an eagraíocht i leith na Gaeilge. Bheadh seo díomách mar go mbeadh deis dhochreidte á cailleadh ag ÚFIÉ comhghuaillithe nádúrtha i bpobal na Gaeilge agus níos leithne a thabhairt leo ar an gceist ríthábhachtach seo.
- Bhí diúscairt na dramhaíola orgánaí ina dúshlán mór le bliain anuas. Níl aon chur chuige sásúil ar fáil d’eagraíochtaí a ghineann méid beag dramhaíola orgánaí. Theip ar iarrachtaí a rinneamar an fhadhb seo a thógáil le hÚFIÉ, le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

# 2. Ár nDaoine – Ceannaireacht agus Rialachas

Tá sé mar cheanglas sa Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide go mbunófar struchtúir cheannaireachta agus rialachais do ghníomhú ar son na haeráide, go mbeidh an fhoireann i mbun gníomhú ar son na haeráide agus go mbeidh oiliúint chuí orthu.

Seo mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais:

- Foirne Glasa a bhunú agus acmhainní a chur ar fáil dóibh, ag tuairisciú don ardbhainistíocht, agus iad diongbháilte inbhuanaitheacht a chur chun cinn i ngach comhlacht san earnáil phoiblí.
- Comhalta den Bhord Bainistíochta a ainmniú mar Chrann Taca Inbhuanaitheachta agus Aeráide a bhfuil sé de fhreagracht orthu an Treochlár a chur i bhfeidhm agus tuairisciú a dhéanamh ina leith.
- Gníomhaíocht chuí ar son na haeráide agus oiliúint inbhuanaitheachta (teicniúil agus iompar) a bheith mar chuid de straitéisí foghlama agus forbartha na foirne.
- Ceardlanna foirne a eagrú (gach bliain ar a laghad) chun dul i ngleic le saincheisteanna aeráide, lena n-áirítear lorg carbóin na heagraíochta a laghdú.

## 2.1 Tiomantas na hArdbhainistíochta

Tá foireann Ardbhainistíochta Fhoras na Gaeilge tiomanta do chur i gcrích an Treochlár Aeráide seo agus dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide inár mbealach féin agus cur le haistriú na hÉireann chuig geilleagar inbhuanaithe, ísealcharbóin.


Tá práinn na gníomhaíochta aeráide soiléir, agus aithnímid ár bhfreagracht mar eagraíocht atá ag feidhmiú san earnáil poiblí chun ár mbeartais a ailíniú le spriocanna náisiúnta agus domhanda, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann agus Comhaontú Glas an Aontais Eorpaigh. Tá sé mar aidhm againn gníomhú aeráide a chomhtháthú i ngach gné dár n-oibríochtaí, ó éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú dramhaíola go dtí soláthar inbhuanaithe agus cultúr caomhnaithe comhshaoil a chothú i measc foirne s'againn.

Aithnímid go luíonn ceist na haeráide agus ceist na Gaeilge go nádúrtha le chéile – gur forbraíodh ár dteanga thar na cianta taobh leis an tírdhreach agus an fiadhúlra ina mhaireann sí agus go bhfuil saibhreas inti a threoraíonn an bhealach dúinn saol a chaitheamh i gcomhréir leis an nádúr mar a rinne ár sinsir.

## 2.2 Crann Taca don Aeráid agus Inbhuanaitheacht

Tá struchtúr rialachais á chur i bhfeidhm chun na riachtanais sa Treochlár seo a chomhlíonadh. Tá Shane Ó hEidhin, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, ainmnithe mar Chrann Taca Aeráide agus Inbhuanaitheachta i bhForas na Gaeilge. Tá Kevin Johnston, Ardoifigeach Feidhmiúcháin Pleanála Corparáidí, ainmnithe mar Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh.

## 2.3 Struchtúr rialachais




## 2.4 An Fhoireann Ghlas

Cé gur eagraíocht bheag í Foras na Gaeilge, tá Foireann Ghlas againn cheana chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn. Tagann an Fhoireann Ghlas le chéile go míosúil chun dul chun cinn agus cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide a phlé.

I measc na mbeart atá á bplé ag an bhFoireann Ghlas faoi láthair tá:

*Clárú don Chomhartha Taistil Níos Cliste:*

- Seoladh suirbhé de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí Mhárta 2025 ar an bhfoireann chun eolas a bhailiú faoi nósanna taistil na foirne chun na hoifige agus a meon i leith modhanna taistil níos inbhuanaithe a thriall. Bhí an suirbhé seo ar an gcéad chéim den phróiseas clárúcháin don Chomhartha um Thaisteal Níos Cliste. Mar dhara céim, i Meán Fómhair 2025, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair cuairt suímh ar oifig Shráid Amiens agus cuireadh tuilleadh fianaise ar fáil maidir le gealltanas na heagraíochta faoi cheist na haeráide. Mar shampla, shocraigh Foras

na Gaeilge páirt a ghlacadh sa dúshlán céimeanna Walktober. Déanfar cuairt suímh ar oifig Ghaoth Dobhair chomh maith le linn Ráithe 4 2025.

*Soláthar Poiblí Glas:*

- Tá Polasaí Soláthar Poiblí Glas (féach 5 thíos) á chur i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge cheana ionas go mbeidh dualgas ar sholáthróirí seachtracha aird a thabhairt ar an Treochlár seo mar chuid den phróiseas tairisceana ar sheirbhísí. Clúdaíonn an polasaí sin gach gné de cheannachán na heagraíochta agus tá plé déanta ag an bhFoireann Ghlas ar na bealaí a bhféadfaí é a threisiú. Mar shampla, d'iarramar ar ár soláthróirí tríú páirtí lónadóireachta úsáid pacáistíochta plaistí a laghdú agus an céatadán tairgí feola a laghdú nuair a bhítear ag socrú lónadóireachta do chruinnithe oibre. Cuireann an Fhoireann Ghlas fáilte roimh fhostaithe a bhíonn ag plé le soláthar comhairle a fháil ar na ceisteanna sin agus tá leas á bhaint go gníomhach as an tseirbhís sin, mar shampla comhairle i leith ábhar margaíochta níos inbhuanaithe a ordú.

*Athchúrsáil:*

- Tá an Fhoireann Ghlas i ndiaidh cleachtais athchúrsála Fhoras na Gaeilge a threisiú trí athbhreithniú a dhéanamh ar scagadh bruscair sna hoifigí. Ó mhí Bealtaine 2025, tá 3 bhosca bruscair curtha ar fáil i ngach láthair oifige, crochadh comharthaíocht níos soiléire faoi athchúrsáil i ngach ceann de na hoifigí agus tríd an Soláthar Poiblí Glas, caitear go cuí leis an mbruscar scagtha nuair a bhaileofar ó na hoifigí é.
- Tá stop curtha le húsáid sceanra, gréithe agus cupáin aonúsáide inár n-oifigí uile.

Tá na bearta seo fós á bplé:

- Déanfar athbhreithniú ar phriontáil ábhar bolscaireachta (bileoga, póstaeir srl.) féachaint le húsáid páipéir agus an fuinneamh a ghabhann léi a laghdú.
- Déanfar moltaí maidir le seantrealamh a dhiúscairt ar bhealach níos inbhuanaithe. Mar shampla, fiosrófar an bhféadfaí seanríomhairí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh a bhronnadh ar charthanachtaí.

# 3. Ár nDaoine - Plé lenár mbaill foirne

## 3.1 Oiliúint foirne

Tríd an suirbhé atá beartaithe ag an bhFoireann Ghlas a dhéanamh ar fheasacht i leith gníomhú aeráide san eagraíocht, aithneofar na riachtanais oiliúna eile is mó atá ag baill foirne Fhoras na Gaeilge. Tacóimid le sealbhú scileanna i measc comhghleacaithe maidir le gníomhú ar son na haeráide trí:

- Deiseanna oiliúna ábhartha a aithint.
- Oiliúint a mhaoiniú nuair is gá (m.sh Soláthar Poiblí Glas).

## 3.2 Feasacht/ceardlanna

- Tá nuachtlitir foirne leictreonach forbartha againn chun eolas faoin athrú aeráide a scaipeadh go hinmheánach, agus seoltar an nuachtlitir go míosúil.

Tá na pointí gnímh seo a leanas fós le déanamh.

- Cuirfear mír faoi leith faoi athrú aeráide ar chlár cruinnithe foirne agus cruinnithe bainistíochta.
- Tuairisceofar ar obair na Foirne Glaise ag Laethanta Foirne.
- Eagrófar ceardlanna ábhartha go rialta.

## 3.3 Oiliúint Ardbhainistíochta

- Mar thoradh ar an dualgas sa Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide (mír 2.5) go gcuirfí oiliúint ardleibhéil ar cheannairí na heagraíochta, tá an cúrsa *Climate Action Leadership Training* de chuid Public Affairs Ireland déanta ag gach ball den Fhoireann Ardbhainistíochta. Tá féidearthachtaí oiliúna don Fhoireann Ghlas á bplé faoi láthair.
- In 2024, d'fhreastail an Clárbhainisteoir agus an tArdoifigeach Feidhmiúcháin sa Rannóg Pleanála Corparáidí, atá ina chathaoirleach ar an bhFoireann Ghlas agus ina Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh faoi seach, ar chúrsa faoi threochláracha aeráide le CMG Training.

# 4. Ár Spriocanna

Leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh do chomhlachtaí poiblí:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030.
- An sprioc feabhais dírithe ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a ardú ón aidhm 33% faoi 2020, a bhí ann roimhe seo, go dtí 50% faoi 2030.
- Treochlár maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a fhorbairt mura bhfuil ceann i bhfeidhm, agus é a nuashonrú go bliantúil.

Is í an bhonnlíne meánastaíochtaí an tréimhse 2016-2018. Díorthaítear an buiséad carbóin iomlán do gach comhlacht poiblí aonair dá réir seo a leanas:

- Laghdú 51% i mbreosla iontaise díreach a bhaineann le hastaíochtaí CO2 (úsáid theirmeach agus iompair); móide
- Astaíochtaí díreacha ar thaobh an tsoláthair in astaíochtaí díreacha CO2 ón leictreachas a bhaineann le breosla iontaise.

## 4.1 Anailís ar astaíochtaí carbóin


San anailís a rinne Integrated Engineering Consultancy ar 4 oifig Fhoras na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann in 2023, deimhníodh go bhféadfaí **211,487 kWh** nó **44 tonna carbóin** a shábháil gach bliain trí shraith beart maidir le húsáid fuinnimh a chur i bhfeidhm. Is ionann é sin agus laghdú bliantúil 35.9% ar úsáid fuinnimh (kWh) agus laghdú bliantúil 28% i dtonnaí carbóin.

### 4.2 Bonnlíne anailíse agus fortheilgean 2030 gan aon ghníomhartha breise

I gcás Fhoras na Gaeilge, is iad seo na spriocanna atá againn:

- Astaíochtaí CO2 na heagraíochta a laghdú go 54,238 kgCO2 faoi 2030 (**aschur 2024: 91,037 kgCO2**)
- Astaíochtaí CO2 bainteach le breosla iontaise a laghdú go 22,843 kgCO2 (**aschur 2024: 42,439 kgCO2**)

*Tagann an ghraif thíos ón uirlis 'bearna go sprioc' ó chóras monatóireachta agus tuairiscithe de chuid ÚFIÉ.*




Amhail Lúnasa 2025, tréimhse inar dréachtaíodh an leagan seo den Treochlár, tá 69 post i bhForas na Gaeilge, agus 61 fostaí. Cé nach bhfuil gach ceann de na 69 post sin buan, tá saincheisteanna earcaíochta agus coinneála foirne ar ceann de na dúshláin is mó atá ag déanamh imní don eagraíocht le 5 bliana anuas. De réir mar a líonfar folúntais, tiocfaidh méadú ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta, agus samhlaítear go dtiocfaidh fás ar astaíochtaí dá réir. Is chuige seo a bhainimid úsáid as an gcóimheas lánaimseartha (FTE) mar bhonn comparáide agus ár n-éifeachtúlacht fuinnimh á meas. Tá an sprioc go méadófaí éifeachtúlacht fuinnimh na heagraíochta 50% i gcomparáid leis an mbliain 2009 bainte amach ag Foras na Gaeilge ó 2020 ar aghaidh.

| Energy | Unit | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| GPRN natural gas | kWh | 204,586 | 262,370 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 282,080 | 248,194 | 151,835 | 271,086 | 243,352 | 229,802 |
| MPRN electricity | kWh | 138,180 | 136,820 | 121,440 | 144,240 | 143,320 | 141,299 | 142,739 | 143,899 | 0 | 209,895 | 197,703 | 177,642 | 177,819 | 181,792 | 182,485 | 155,285 |
| Non-GPRN natural gas | kWh | 281,034 | 290,672 | 293,028 | 282,776 | 280,482 | 283,360 | 280,744 | 282,841 | 256,463 | 271,884 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Non-MPRN electricity | kWh | 217,595 | 216,135 | 217,263 | 217,515 | 210,368 | 215,217 | 219,906 | 215,868 | 315,200 | 12,868 | 13,012 | 11,842 | 10,011 | 13,546 | 12,149 | 11,158 |
| Road diesel (standard spec) | kWh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 15,320 | 19,332 |
| Solar thermal | kWh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1,679 | 12,160 | 12,160 | 12,160 | 12,160 | 0 | 0 | 12,160 |
| Total | kWh | 841,395 | 905,997 | 631,731 | 644,531 | 634,170 | 639,876 | 643,389 | 642,608 | 573,342 | 506,807 | 504,955 | 449,838 | 351,825 | 466,424 | 453,305 | 427,737 |
| Activity | FTE | 52 | 52 | 64 | 67 | 63 | 57 | 52 | 58 | 58 | 57 | 56 | 60 | 56 | 61 | 61 | 60 |
| Energy performance indicator | EnPI | 16,181 | 17,423 | 9,871 | 9,620 | 10,066 | 11,226 | 12,373 | 11,079 | 9,885 | 8,891 | 9,017 | 7,497 | 6,283 | 7,646 | 7,431 | 7,105 |
| Comparison to Baseline | EnPI | 100% | 108% | 61% | 59% | 62% | 69% | 76% | 68% | 61% | 55% | 56% | **46%** | **39%** | **47%** | **46%** | **44%** |

*Tagann an tábla seo thuas ón tairseach Monatóireachta agus Tuairiscithe de chuid ÚFIÉ. Léirítear sa líne ag bun an tábla an dul chun cinn atá déanta ag Foras na Gaeilge maidir leis an sprioc. Is éard is brí leis an gcló trom agus an teorann cearnógach sa líne chéanna ná gur éirigh le Foras na Gaeilge an sprioc a bhaint amach sa bhliain sin.*

Is é ár gceannáras ar Shráid Amiens an foirgneamh is mó atá san eagraíocht, agus tá an líon is mó fostaithe ag obair ann freisin (thart ar dhá thrian den fhoireann iomlán). Fágann sin gurb é an ceannáras an foirgneamh is tábhachtaí maidir le cur i bhfeidhm ár spriocanna fuinnimh. Úsáidtear gás leis an bhfoirgneamh seo a théamh, agus toisc nach bhfuil sé d'údarás againn an córas teasa a athrú ó bhonn gan cead ár dtiarna talún, táimid ag díriú ár n-iarrachtaí ar leasuithe indéanta a chur i bhfeidhm ar úsáid an chórais teasa agus aerchóirithe ann. Táimid ag díriú ar na cleachtais chéanna a chur i bhfeidhm inár dtrádstóras i nDún Seachlainn, foirgneamh eile dár gcuid a bhaineann úsáid shuntasach as gás.

### 4.3 Gníomhartha/tionscadail a theastaíonn chun spriocanna a bhaint amach

In 2023, rinne Integrated Engineering Consultancy moltaí chun feabhas a chur ar úsáid fuinnimh in oifigí Fhoras na Gaeilge. Tugtar anseo thíos achoimre de na príomh-mholtaí (seachas moltaí a bhaineann le feistiú painéal gréine nach féidir a fheidhmiú toisc nach le Foras na Gaeilge na foirgnimh).

*Sráid Amiens (Ceannáras)*

- Feasacht fuinnimh a fheabhsú agus rialtáin an chaidéil teasa a dheisiú
- Seomra cumarsáide - teocht an aonaid aerchóirithe a athrú
- Seomra cumarsáide - gaothrán pluga chun an seomra a fhuarú
- Braiteoir solais lasmuigh a dheisiú
- Caidéal teasa a chur in áit an choire
- Córas teirmeach gréine a dheisiú
- Feabhsú an chórais bainistithe fuinnimh foirgneamh

*Ráth Chairn*[2]

- Suiteáil lasc seacht lá do thaiscthéitheoirí

---

[2] Ó cuireadh an tuairisc seo i gcrích, tá athchóiriú déanta ag Údarás na Gaeltachta, an t-úinéir, ar an oifig i Ráth Chairn. Mar chuid den athchóiriú seo, cuireadh córas nua teasa isteach atá bunaithe ar caidéil teasa, cuireadh insliú nua isteach sa díon agus sna ballaí, agus cuireadh soilse LED in áit freisin. Tá rátáil A3 ag an bhfoirgneamh anois.

*Dún Seachlainn*

- Feasacht fuinnimh a fheabhsú - téitheoir uisce le múchadh gach tráthnóna
- Feabhsú sceideal agus theocht na dtéitheoirí gáis

*Gaoth Dobhair*

- Soilse LED le suiteáil
- Feabhsú rialtáin an chórais teasa

Dá gcuirfí na bearta seo i bhfeidhm, measann Integrated Engineering Consultancy go sábhálfaí 195,215 kWh fuinnimh agus 37.8 tonna carbóin go bliantúil.

Ní le Foras na Gaeilge aon cheann de na hoifigí a bhfuil an eagraíocht ag obair iontu agus mar sin tá srianta orainn maidir le laghdú a chur ar úsáid fuinnimh, mar shampla trí athchóiriú struchtúrtha a dhéanamh, painéil ghréine a fheistiú srl. Mar sin féin, tá an beart seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an bhFoireann Ghlas cheana féin:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal uathoibríoch an teochta sa chóras teasa/aerchóirithe agus ar an sceideal laethúil a rialaíonn feidhmiú an chórais. Ba ag 21 céim a bhí an leibhéal uathoibríoch go dtí 2025 ach laghdaíodh an teocht 2 chéim, rud a shábhálann 20% in úsáid fuinnimh, agus a bhfuil impleachtaí móra aige d'astaíochtaí carbóin na heagraíochta;

Tá na bearta féideartha seo a leanas á bplé againn:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí faoi threalamh oifige a fhágtar ar fuireachas agus ar úsáid printéirí;
- Cleachtas a fhorbairt maidir le seanteachtaireachtaí ríomhphoist a scrios ionas úsáid fuinnimh a shábháil ar fhreasalaithe na heagraíochta (féach 5.3 thíos).

# 5. Ár mBealach Oibre

Seo mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais:

- Tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta i dTuarascáil Bhliantúil na heagraíochta.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar aon phróiseas páipéarbhunaithe, agus meastóireacht a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le digitiú breise.
- Creidiúnú foirmiúil comhshaoil a bhaint amach do mhórchomhlachtaí na hearnála poiblí.

## 5.1 Tuairisciú

Tuairiscíonn Foras na Gaeilge ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i dTuarascáil Bhliantúil na heagraíochta. Mar chuid den Treochlár seo, déanfar tuairisciú feasta ar an méid seo a leanas chomh maith:

- Cur i bhfeidhm an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide;
- Tuairisciú ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta ar thug an eagraíocht fúthu le bliain anuas;
- Ní gá d’Fhoras na Gaeilge fianaise a sholáthar ar chomhlíonadh Chiorclán 1/2020 maidir le hastaíochtaí ó thaisteal aeir oifigiúil.

## 5.2 Córais bainistithe fuinnimh agus comhshaoil

Déanfaidh Foras na Gaeilge forbairt ar chóras bainistithe fuinnimh agus comhshaoil mar chuid den Treochlár seo. Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann chuí in EnergyMAP (oiliúint agus meantóireacht maidir le bainistiú fuinnimh).

## 5.3 Digitiú próiseas

Déanfaidh Foras na Gaeilge athbhreithniú ar aon phróisis pháipéarbhunaithe agus pléifear an fhéidearthacht socrú réamhshocraithe a dhéanamh den digitiú. Cuirfear deireadh le próisis pháipéarbhunaithe an oiread agus is féidir. Is é páipéar athchúrsáilte an réamhshocrú atá i bhfeidhm cheana féin ach sa chás go gcaithfear páipéar a úsáid, cinnteofar go gcuirfear ar a súile d’fhostaithe gur cheart a bheith spárálach.

## 5.4 Polasaí Soláthar Glas

Tá Foras na Gaeilge i ndiaidh forbairt a dhéanamh ar Pholasaí Soláthar Glas (PSG) bunaithe ar an treoir a d’fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (*Green Public Procurement: Guidance for the Public Sector* (3rd ed., 2024). Cuimsíonn an PSG gach gné de cheannachán na heagraíochta, lena n-áirítear an úsáid fuinnimh a bhaineann le riachtanais theicneolaíocht na faisnéise, mar shampla cothabháil suíomhanna gréasáin agus próiseáil faisnéise srl.

### 5.5 Cianobair

Tá polasaí cianoibre i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge, agus bíonn ceanglas ar an bhfoireann freastal ar an oifig dhá lá sa tseachtain ar a laghad. Dá bhrí sin, tá laghdú suntasach tagtha ar thaisteal i gcás formhór na mball foirne, agus laghdú ar astaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí den sórt sin dá réir.

# 6. Ár bhfoirgnimh agus feithiclí

Seo mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais:


- Foirgnimh atá oiriúnach do rothair a chruthú d'fhostaithe agus do chuairteoirí, trí pháirceáil rothar a chur i bhfeidhm faoi 2022.
- Deimhniú Éifeachtúlachta Fuinnimh atá cothrom le dáta a thaispeáint i ngach foirgneamh atá oscailte don phobal.
- Ní shuiteálfaidh an earnáil phoiblí córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise tar éis 2023 mura mbeidh feidhm ag coinníollacha áirithe.
- Gan ach feithiclí saor ó astaíochtaí a cheannach.

## 6.1 Feithiclí

### 6.1.1 Roghanna malartacha ar úsáid carranna

Tá spásanna páirceála do rothair agus cithfholcadáin le fáil in íoslach cheannáras Fhoras na Gaeilge cheana féin agus baintear an-úsáid astu. Tá tús curtha againn le Plean Iompair don Láthair Oibre a fhorbairt chun fostaithe a spreagadh le bealaí eile iompair a úsáid seachas an tiomáint aonair nuair is féidir: siúl, rothaíocht, iompar poiblí, carr-roinnt agus turais chun na hoifige a laghdú trí oibriú 'níos cliste'.

Tá go leor den fhoireann ag úsáid modhanna iompair níos glaise cheana féin ach beidh sé níos dúshlánaí an nósmhaireacht a athrú sna hoifigí tuaithe seachas sna hoifigí cathrach atá faoinár gcúram. Mar a míníodh faoi 2.4 thuas, rinneadh suirbhé cuimsitheach ar an bhfoireann a lorg eolas faoi mhodhanna iompair chun na hoibre atá in úsáid faoi láthair.




*Torthaí uile-eagraíochta an tsuirbhé faoi nósanna iompair na foirne*

I measc na moltaí féideartha eile sa Phlean Iompair tá:

- Sraith moltaí faoi roghanna taistil níos glaise a ndéanfar poiblíocht leanúnach orthu trí phóstaeir, i gcumarsáid inmheánach ríomhphoist agus ag Laethanta Foirne. Tá na moltaí sin á n-ullmhú faoi láthair mar chuid den iarratas ar an gComhartha um Thaisteal Níos Cliste (féach 2.4 thuas).
- Comhordú níos fearr a dhéanamh ar chruinnithe lasmuigh den oifig ionas go reáchtálfar an oiread acu agus is féidir ar an lá céanna chun turais bhreise nach bhfuil gá leo a sheachaint.
- Mar chuid dár gcur chuige maidir le laethanta foirne cuirfear san áireamh astaíochtaí taistil In ionad 3 Lá Foirne sa cheannáras in aghaidh na bliana faoi láthair, d'fhéadfaí ceann amháin acu a úsáid chun cruinnithe réigiúnacha ag oifigí ar leith a reáchtáil, rud a laghdódh costais agus astaíochtaí taistil agus a chuirfeadh le caidreamh i measc na foirne sna hoifigí sin.
- Poiblíocht leanúnach a dhéanamh i measc na foirne ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre de chuid an rialtais. Fiosrú a dhéanamh le Dublin Bikes an mbeadh ráta ballraíochta foirne ar fáil d'fhostaithe Fhoras na Gaeilge ó tharla seastán rothar a bheidh i gcóngar an cheannárais.

Mar thoradh ar an bplé sin, tá iarratas á dhéanamh ag Foras na Gaeilge ar an gComhartha um Thaisteal Níos Cliste de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair, ina gclúdófar go leor de na moltaí thuas. Cuireadh tús leis an bpróiseas sin in 2024, agus reáchtáil an tÚdarás Náisiúnta Iompair cuairt suímh ar 2 oifig dár gcuid in 2025 (féach 2.4 thuas).

### 6.1.2 Deireadh a chur le páirceáil de réir a chéile

Toisc go bhfuil 3 cinn de 5 oifig atá ag Foras na Gaeilge lonnaithe i gceantair tuaithe, aithnímid go mbeidh sé an-dúshlánach deireadh a chur de réir a chéile le páirceáil ag na saoráidí sin. Rinneadh taighde faoi nósanna páirceála na foirne sna 4 oifig ó dheas mar chuid den suirbhé feasachta. Mar thoradh air sin, beifear in ann bealaí a aithint chun comhghleacaithe a spreagadh le modhanna iompair níos inbhuanaithe a úsáid nuair is féidir, go háirithe sa cheannáras áit a bhfuil níos mó roghanna ar fáil. Cabhróidh an próiseas iarratais ar an gComhartha um Thaisteal Níos Cliste leis an obair sin.

### 6.1.3 Soláthar feithiclí astaíochtaí nialasacha

Tá feithicil amháin faoi úinéireacht Fhoras na Gaeilge, veain a úsáideann an Áisíneacht Dáiliúcháin Leabhar (ÁIS). Nuair a bheifear ag athnuachan an veain sin, cinnteofar go gceannófar feithicil nua leictreach, de réir mhír 4.6 de Shainordú 2024. Tá comhairle curtha ag an bhFoireann Ghlas ar fhoireann Áis faoi seo.

## 6.2 Foirgnimh

Ní mór Deimhnithe Taispeána Fuinnimh a bheith ar taispeáint i bhfoirgnimh >250 $m^2$ ina bhfuil comhlacht poiblí ann agus a mbíonn an pobal ar cuairt ann go minic. Ní raibh an ÚFIÉ sásta leagan Gaeilge den Deimhniú a chur ar fáil go dtí seo. Tá an Fhoireann Ghlas i

ndiaidh an cheist sin a thógáil le hÚFIÉ toisc gur comhartha a bheidh sa Deimhniú agus mar sin, beidh sé faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla. Caithfidh Foras na Gaeilge cloí le dualgais reachtúla i leith na haeráide agus na Gaeilge araon agus mar sin, tá súil againn go mbeidh réiteach sásúil ar an scéal go luath.

### 6.2.1 Córais teasa bhreosla iontaise

De réir an Phlean Gníomhaíochta, is gá nósanna imeachta soláthair agus deartha a nuashonrú chun an ceanglas nach mbeidh téamh breosla iontaise ann tar éis 2023 a chomhlíonadh. Mar a míníodh thuas, baineann dúshláin mhóra leis sin toisc nach le Foras na Gaeilge a chuid foirgneamh ach i gcomhréir lenár n-acmhainní agus bunaithe ar dhátaí éaga léasanna (féach thíos), tabharfaimid tús áite d'oifigí áirithe ina mbítear ag brath ar chóras teasa bhreosla iontaise, mar shampla oifig Ghaoth Dobhair a bhfuil an léas uirthi le dul in éag go luath.

### 6.2.2 Pleananna maidir le soláthar foirgneamh

Níl Bainisteoir Eastát/Maoine ag Foras na Gaeilge agus mar sin níl na hacmhainní againn faoi láthair plean soláthar foirgneamh mionsonraithe a chur ar fáil. Pléimid lenár riachtanais i dtaca le heastáit de réir a chéile i gcomhréir lenár n-acmhainní teoranta. Cuireadh gníomhú ar son na haeráide san áireamh cheana nuair a aistríodh an ceannáras in 2017 agus tá an cur chuige céanna in úsáid i dtaca le hoifig Bhéal Feirste faoi láthair a bhfuil ár leas ann imithe in éag. Ní bhaineann oifig Bhéal Feirste le dlínse an Treochláir seo ach is mian linn cur chuige uile-eagraíochtúil a bheith againn maidir leis an Treochlár seo, agus is cruthúnas é an cur chuige sin ar fheasacht Fhoras na Gaeilge i leith ceisteanna aeráide agus léasanna oifige le hathnuachan.

In oifigí uile Fhoras na Gaeilge, tá léasanna fadtéarmacha againn le tiarnaí talún éagsúla i ngach cás. Seo iad dátaí éaga na léasanna sin:

- Sráid Amiens: 2047
- Béal Feirste: 2030
- Ráth Chairn: 2031
- Gaoth Dobhair: 2026
- Dún Seachlainn: 2027

Pléifear le riachtanais an Treochláir seo de réir na n-acmhainní atá ar fáil agus tabharfar tús áite d'fhoirgnimh ina mbeidh an léas ag dul in éag go luath.

In 2024, i bhfianaise an Treochláir seo agus bunaithe ar riachtanais leanúnacha chothabhála agus eile sna foirgnimh ina bhfuilimid lonnaithe, rinne Foras na Gaeilge cás gnó ar Chlárbhainisteoir Eastát ar na Ranna Coimircíochta sa 2 rialtas. Beidh an ról sinsearach sin barrthábhachtach i gcur i bhfeidhm an Treochláir seo, go háirithe maidir le hastaíochtaí ó bhreosla iontaise a laghdú.

**Aguisín 1: Aschuir fuinnimh Fhoras na Gaeilge agus fortheilgean 2030-2050**

